

Coláiste an Phiarsaigh, Gleann Maghair, Co. Chorcaí

Polasaí Sos Gairme, Postroinnt, Múinteoir ar lasacht

Tá Bord Bainistíochta Coláiste an Phiarsaigh, Gleann Maghair tar éis dul i gcomhairle leis na Príomhpháirtithe atá bainteach le hoideachas ár ndaltaí faoi eager agus leagan amach polasaí sos gairme, postroinnt, múinteoirí ar lasacht agus aon saghas cead neamhláithreachta eile do mhúinteoirí.

Tá gach iarracht déanta ag an mBord Bainistíochta a bheith cothrom idir ionchais dlisteanacha na múinteoirí agus riachtanais na ndaltaí sa pholasaí seo. Chun an chothromaíocht seo a bhaint amach, déanfaidh an Bord cíoradh agus anailís ar na foirmeacha iarratais ó mhúinteoirí do phostroinnt, sos gairme, múinteoirí ar lasacht, saoire staidéir agus aon saghas sosa eile ag tabhairt aird ar oibleagáidí reachtúla mar atá imlínithe sna ciorclán ón Roinn Oideachais agus Scileanna 107/2006, 10/2011, 75/2015 agus in Acht an Oideachais 1998. Aithníonn an Bord, agus an polasaí seo á chur le chéile, go dtugtar tús áite ach go háirithe d'oideachas agus do leas na ndaltaí thar aon ní eile.

- Agus na cásanna seo á gcur san áireamh, caithfidh an Bord Bainistíochta aird a thabhairt ar
- méid iomlán na múinteoirí nach bhfuil sa scoil ar bhonn lánaimseartha.
 - nach mbíonn meath ná lagú i ranna ábhair agus an postroinnt, sos gairme, múinteoirí ar lasacht, saoire staidéir ná aon saghas sosa eile á dtabhairt, a chruthódh éagothroime in aon roinn.
 - Líon na múinteoirí cáilithe a bheidh oiriúnach don phost agus an t-iarrthóir ag fágaint.

Tar éis na cúiseanna sin a thógaint san áireamh, tiocfaidh an Bord Bainistíochta ar cinneadh maidir le méid na Múinteoirí a bheidh cead acu imeacht ag postroinnt nó ar shos gairme nó ar lasacht sa bliain reatha sin.

Breithniúcháin:

- Aithníonn an Bord Bainistíochta na leasanna agus an tairbhe a bhaineann le scéimeanna an Roinn Oideachais do mhúinteoirí i ndáil le sósanna gairmeacha, postroinnt agus múinteoirí ar lasacht. Tugann na scéimeanna seo tacáiocht teaghlaigh do mhúinteoirí a bhíonn á lorg. Tugann sé seo deis do mhúinteoirí chun dul chun cinn proifisiúnta agus pearsanta a dhéanamh trí scileanna proifisiúnta a shealbhú, trí cháilloctaí acadúla agus éispéiris ailtéarnacha, a bheadh tairbheach do na daltaí a mhúineann siad sa scoil.
- Cuid de thosca tábhactha seasmhacht na scoile is ea leanúnachas na múinteireachta agus an teagaisc, proifisiúntacht agus oilteacht na fairne agus cothromaíocht oiriúnach idir méid na múinteoirí atá ag freastal ar an scoil go fadtéarmach agus dóibh siúd gan mórán taithí nó múinteoirí núíosach.
- Breithniúchán tábhachtach a bhaineann leis ná an baol nach mbeidh go leor mhúinteoirí cáilithe agus mhúinteoirí le go leor taithí nuair a bheidh a leithéid á lorg don phostroinnt, toisc go mbeidh na mhúinteoirí ionadaíochta siúd ceaptha ar bhonn gearrthéarmach. Tá baol leis an gconradh postroinnt i gconaí go mbeidh ionadaithe ag faire amach do fostáocht níos fadtéarmach in áit eile.

- Tá sé riachtanach do mhúinteoirí a bheidh ag glacadh páirte sa scéim phostroinnt go dtuigfidh siad gur féidir deireadh a chur leis an socrú seo aon am muna n-oibrionn sé in oiriúint do dhaltaí na scoile (12.1 CL75/2015).
- Sna cásanna seo beidh ar an mBord Bainistíochta clár na bhfuilteach a dhéanamh amach idir riachtanais na múinteoirí agus daltaí agus maitheas agus fiúntas fadtéarmach na scoile mar áit sheasmhach oiliúna agus mar ionad oibre. Cuirfidh an cur chuige seo cosc ar dhíbhuanú foireann mhúinteoireachta na scoile agus cuideoidh sé chun an áit oibre is fearr a chruthú do dhaltaí na scoile.
- Tá an dualgas ar an mBord Bainistíochta nach dtagann laghdú ná meath ar ranna ábhair áirithe nuair a cheadaítear postroinnt, sos gairme, múinteoir ar iasachta, saoire staidéir agus araile má chruthaíonn sé neamhchothromáocht in aon roinn ábhair nó má chuireann sé isteach in aon slí ar dhul chun cinn na Roinne.
- Ciallaíonn an moratóir ar Phoist Fhreagrachta atá ar bun ó Mhárta 2009, go mbíonn an baol ann nach mbeidh an Bord Bainistíochta in ann múinteoir ábhar an phoist fhreagrachta sin a chomhlíonadh faoi réir ionadaithe a bheith ar fáil. Tá sé de dhualgas ar an mBord Bainistíochta a chinntí go mbeidh strúchtúr meánbhainistíocha éifeachtach agus oriúnach sa scoil. • Déanfaidh an Bord Bainistíochta iarracht cíoradh dearfach a dhéanamh ar iarratais don phostroinnt, sos gairme agus araile, ag díriú ach go háirithe ar leas agus riachtanais oideachasúla na ndaltaí thar aon ní eile.

Incháilitheacht:

- Buan, CID, TWT, RPT le fad ama nach leanann níos faide ná dáta foircinn conradh ar théarma seasta suas go dtí aois éírí as éigeantach.
- Le bheith cálithe caithfidh an múinteoir a bheith cláraithe le comhairle na múinteoirí.
- Caithfidh an múinteoir 12 mhí ar a laghad seirbhís leanúnach sa scoil a bheith comhlánaithe.

Critéir:

Pléifidh an Bord Bainistíochta go cúramach cén toradh a bheidh ag an bpostroinnt, sos gairme nó múinteoir ar iasachta ar chaighdeán agus leanúnachas i ranna ábhair áirithe agus foráil ábhair laistigh den churaclam ar an iomlán.

Bronnfar an sos gairme seo de réir imlitir 10/2011, bronnnfar postroinnt de réir imlitir 75/2015 agus bronnnfar sos iasachta de réir imlitir 107/2006 agus faoin gcritéir luate thíos. Níl na critéir thíos in ord tosaíochta:

1. Leas agus riachtanais na ndaltaí
2. Riachtanais churaclaime na scoile, méid na n-iarrthóirí ó ranna ábhair difriúla san áireamh
3. An éifeacht ionchais ar leas agus ar riachtanais oideachasúla na ndaltaí
4. Méid iomlán na múinteoirí ar sos gairme, postroinnt agus araile i rith na scoilbhliana sin
5. Cálitheacht iarrthóirí de réir na n-imlitreacha áirithe ón Roinn Oideachais agus Scileanna
6. Cothromáfocht idir riachtanais an mhúinteora agus méid na n-iarrathóir atá á lorg

7. Na buanna a bheidh ann don mhúinteoir agus a bheidh ann, dá bharr, do na daltaí a bheidh a múineadh ag an múinteoir sin

8 Níor cheart go gcuirfeadh cláracha ama na múinteoirí sin atá ag postroinnt ar shos ghaime nó ar lasacht isteach go diúltach ar chlár ama na ndaltaí ná ar chlár ama múinteoirí eile. É sin ráite déanfaidh an Scoil, sos ghairm, postroinnt agus iasacht a éascú don mhúinteoir chomh mor agus is féidir.

9 Cuóta leithdháilte na múinteoirí sa scoil don scoilbhliain dar gcionn

10 An éifeacht ionchais ar an gcóimheas idir múinteoirí lánaimseartha agus páirtaimseartha

11 An éifeacht ionchais ar struchtúr na meánbhainistíochta sa scoil

12 Caithfidh an mhúinteoir atá ar phostroinnt a bheith ar fáil do chruinnithe fairne agus do chruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí a bhaineann leo de réir polasaí agus comhaontú na scoile.

13 Tá an dualgas chun uaireanta an chloig sa bheiris a chur ar fáil faoi Chomhaontú Seirbhísí Poiblí pro rata do mhúinteoirí atá ag postroinnt (Páirc an Chrócaigh).

14 Níl cead ag mhúinteoirí atá bainteach le postroinnt aon mhúinteoireacht ionadaíochta a dhéanamh i gColáiste an Phiarsaigh ach go heisceachtúil le cead Bainistíochta.

15 Ní mór don mhúinteoir an scéim seo a dhéanamh ar feadh dhá mhí déag ar a laghad ó thús na scoilbhliana. Caithfidh an Bord Bainistíochta gach socrú a bhaineann le postroinnt a mheas go bliantúil agus beidh ar an Roinn Oideachais agus Scileanna é a cheadú. Maireann gach ceadú ar feadh bliana agus ní cóir go mbeadh aon mhúinteoir de tuairim go leanfaidh an conradh ar aghaidh don bhliain dar gcionn.

16 Ní ghlaicfar le hiarratais tar éis an Spriocdháta.

Iarratas:

A. Ní mór do gach iarrthóir sos gairme / Postroinnt iarratas scríofa a chur isteach sa scoil gach bliain roimh an 1 Feabhra don scoilbhliain atá ag teastáil uathu chun tú a chur/ leanúint leis an sos gairme nó postroinnt.

B. Cuirfear an t-eolas faoi na iarrthóirí ceadaithe ón mBord chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna de réir modhanna atá leagtha amach ag an D.E.S.

C. Sula gcuirfear ar aghaidh na hiarratais chuig an Roinn, cuirfear na iarrthóirí ar an eolas faoin gcinneadh a rinneadh.

D. Ní mór do gach mhúinteoir postroinnte, sos gairme nó mhúinteoir ar iasacht a éiríonn leis nó léi, freagra a thabhairt i bhfoirm scribhinn don tairiscint a rinneadh.

Athbhreithniú ar an Polasaí:

- Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus monatóireacht rialta ar an scéim seo ó bhliain go bliain chun léirmheas a dhéanamh ar an tionchar atá aige ar an scoil agus ag déanamh measúnú ar an slí ar féidir leis leanúint ar aghaidh go bliantúil

- Coimeádann an Bord Bainistíocht an ceart chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasáí seo nó chun é a leasú a choimeád, de réir riachtanais na scoile.

Faofa ag an mBord Bainistíochta ar an

23. Samhain 2021

Sínithe:

Aine Orla

Cathaoirleach, Bord Bainistíochta

Sínithe:

Michael Ó Siadhail

Rúnaí, Bord Bainistíochta